AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 13.6.2023
SWD(2023) 207 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le trédhearcacht agus sláine na ngníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)**

{COM(2023) 314 final} - {SEC(2023) 241 final} - {SWD(2023) 204 final}

**An gá atá le beart**

Tá infheistíocht comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG)/infheistíocht inbhuanaithe ag éirí níos tábhachtaí sa mhaoiniú príomhshrutha anois, agus tá roinnt meastachán ann a thugann luach USD 40 trilliún di ar fud an domhain. Tá bunchlocha le haghaidh creat maoinithe inbhuanaithe curtha i bhfeidhm ag an Aontas. Tá páirtithe leasmhara ag tarraingt aird anois ar neamhéifeachtúlachtaí margaidh agus bearnaí rialála atá fós ann, rud a d’fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt mhargadh maoinithe inbhuanaithe an Aontais agus ar chomhtháthú an mhargaidh. Tá go leor ábhar imní curtha in iúl maidir le feidhmiú mhargadh rátálacha ESG.

Tá an tionscnamh seo mar chuid den straitéis maidir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a mhaoiniú, a foilsíodh i mí Iúil 2021. Leanann sé obair ar cuireadh tús léi in 2018 leis an bplean gníomhaíochta ‘Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú’. Tá sé sin ar cheann de na bearta atá molta ag an gCoimisiún Eorpach chun cur le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip trí fheabhas a chur ar shreabhadh agus ar cháilíocht na faisnéise ar a mbunaíonn infheisteoirí, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile cinntí. Tá ról tábhachtach cumasúcháin ag rátálacha ESG i bhfeidhmiú cuí mhargadh maoinithe inbhuanaithe an Aontais, trí fhoinsí tábhachtacha measúnuithe a sholáthar ar féidir le hinfheisteoirí agus institiúidí airgeadais iad a úsáid le haghaidh straitéisí infheistíochta, bainistíochta riosca agus anailís inmheánach. Tá siad á n-úsáid freisin ag cuideachtaí a fhéachann le tuiscint níos fearr a fháil ar rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta a bhaineann lena ngníomhaíochtaí nó le gníomhaíochtaí a gcomhpháirtithe, agus chun comparáid a dhéanamh lena bpiaraí.

Thar aon ní eile, is é is aidhm don tionscnamh seo aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i margadh nach bhfuil ag feidhmiú mar is ceart. Ní chomhlíontar riachtanais infheisteoirí agus eintiteas rátáilte maidir le rátálacha ESG agus tá an bonn á bhaint de mhuinín as rátálacha. Tá roinnt gnéithe éagsúla ag an bhfadhb seo, go príomha an easpa trédhearcachta maidir le modheolaíochtaí agus cuspóirí rátálacha ESG agus an easpa soiléireachta maidir le hoibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG, go háirithe an chaoi a mbainistíonn siad coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann.

Dá bhrí sin, níl rátálacha ESG ag teacht lena gcuspóir agus ní chuireann siad ar a gcumas d’úsáideoirí, infheisteoirí agus cuideachtaí rátáilte cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le rioscaí, tionchair agus deiseanna a bhaineann le ESG. Ós rud é go bhfuil cinntí a dhéanann infheisteoirí agus gnólachtaí ríthábhachtach don aistriú chuig geilleagar atá níos inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh na haeráide de, cuireann sé sin bac ar acmhainneacht an mhargaidh rannchuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach iontaoibh a chothú in oibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG trína áirithiú go n-oibríonn an margadh i gceart agus go ndéanann soláthraithe rátálacha ESG coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú. Cuirfidh rátálacha ESG atá iontaofa agus ar ardchaighdeán le sláine na margaí airgeadais agus le cosaint infheisteoirí freisin. Trí shoiléireacht níos fearr a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí eintiteas a bhfuil a ról ag éirí níos tábhachtaí chun maoiniú a threorú, chuirfí feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Chuige sin, tá dhá chuspóir shonracha ann: (i) soiléireacht a mhéadú maidir le cuspóirí agus saintréithe rátálacha ESG, agus na modheolaíochtaí agus na foinsí sonraí a úsáidtear chun iad a fháil; agus (ii) soiléireacht a mhéadú maidir le hoibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG, agus rioscaí a eascraíonn as coinbhleachtaí leasa i measc soláthraithe a chosc agus a mhaolú.

Agus aird níos mó á mealladh ag infheistíocht inbhuanaithe agus rátálacha ESG i ndlínsí ar fud an domhain, tá sé ríthábhachtach don Aontas a bheith i dteagmháil lena chomhpháirtithe ar bhonn cur chuige Eorpach comhleanúnach agus cuimsitheach. Ar an gcaoi chéanna, tá aird níos mó á tabhairt ar ról rátálacha ESG agus ar oibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG. In 2022, d’eisigh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO) roinnt moltaí le haghaidh soláthraithe agus rialtóirí rátálacha ESG. I roinnt dlínsí, tosaíodh trí chóid iompair le haghaidh soláthraithe rátálacha ESG a ghlacadh.

## Réitigh fhéideartha

Rinneadh anailís ar roinnt roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha le haghaidh eintiteas (soláthraithe rátálacha ESG) agus táirgí (rátálacha ESG). Maidir le láimhseáil rialála soláthraithe rátálacha ESG, is iad seo a leanas na trí rogha a breithníodh: cód iompair tionscail (Rogha 1); clárú agus maoirseacht éadrom (Rogha 2); agus údarú, ceanglais eagraíochtúla prionsabalbhunaithe, ceanglais trédhearcachta agus maoirseacht rioscabhunaithe (Rogha 3). Maidir le méid na gceanglas trédhearcachta i ndáil le rátálacha ESG agus a modheolaíochtaí, a gcuspóirí, is iad seo a leanas an dá rogha a breithníodh: íoscheanglais maidir le nochtadh don phobal (Rogha 1); agus íoscheanglais maidir le nochtadh don phobal agus ceanglais níos cuimsithí maidir le nochtadh do chliaint soláthraithe rátálacha ESG agus cuideachtaí rátáilte (Rogha 2). Déantar breithniú cúramach san anailís freisin ar chostéifeachtacht agus ar chomhleanúnachas na roghanna.

Maidir leis an raon feidhme, bheadh sainmhíniú IOSCO ar rátálacha ESG a comhaontaíodh go forleathan mar bhonn don sainmhíniú ar rátálacha ESG don tionscnamh seo. Tá gá le sainmhíniú ar rátálacha ESG chun raon feidhme na reachtaíochta agus cur i bhfeidhm a ceanglas a shainiú. Dhíreofaí leis an tionscnamh seo ar na heintitis a sholáthraíonn rátálacha nó scóir ESG don phobal nó do shuibscríobhaithe agus ní chlúdófaí leis institiúidí airgeadais ná rannpháirtithe eile sa mhargadh a bheadh ag forbairt rátálacha ESG chun a gcríoch féin.

## An tionchar a bheidh ag na roghanna tosaíochta

Bunaithe ar chomparáid a dhéanamh idir éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas na roghanna a ndearnadh anailís orthu, leis an rogha thosaíochta nascfaí Rogha 3 maidir le soláthraithe rátálacha ESG (rialacha maidir le húdarú, ceanglais eagraíochtúla agus maoirseacht) le Rogha 2 maidir le rátálacha ESG (nochtuithe trédhearcachta íosta maidir le modheolaíochtaí agus cuspóirí rátálacha don phobal i gcoitinne agus nochtadh níos cuimsithí d’úsáideoirí soláthraithe rátálacha ESG agus cuideachtaí rátáilte). Is é an rogha atá ann roghanna a chomhcheangal lena gcomhlíontar cuspóirí an tionscnaimh ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Cé go bhféadfadh costais tosaigh níos airde a bheith i gceist leis an rogha thosaíochta, san fhadtéarma bheadh coinne leis gurbh mhó na tairbhí ná na costais. Tá coinne leis go mbeidh buntáistí eacnamaíocha suntasacha ag baint leis an rogha tosaíochta. Bheadh coinne leis go mbeadh tionchar dearfach ag an tionscnamh seo ar fheidhmiú na margaí airgeadais agus ar na coinníollacha le haghaidh infheistíocht ESG. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh sé ar a gcumas d’infheisteoirí agus d’eintiteas rátáilte na rátálacha ESG ar an margadh a thuiscint, roghanna eolasacha a dhéanamh fúthu agus laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le faisnéis a bhailiú agus ar an ngá atá le soláthraithe breise a úsáid, agus ar an gcaoi sin laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh agus le dícheall cuí. Bheadh sí neamh-idirdhealaitheach freisin agus bheadh feidhm chomhionann aici maidir le rannpháirtithe sa mhargadh atá lonnaithe san Aontas agus rannpháirtithe sa mhargadh atá lonnaithe lasmuigh den Aontas. Is dócha go méadóidh an tionscnamh seo an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh sa ghearrthéarma, ach d’fhéadfadh méadú ar mhuinín as rátálacha ESG cur le fás an mhargaidh, rud a chuirfeadh leis an mbrabúsacht ar deireadh. I gcás soláthraithe beaga, chun an t-ualach riaracháin agus na hábhair imní a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le cailliúint rochtana ar an margadh a mhaolú, tá idirthréimhse beartaithe, ionas go mbeidh níos mó ama acu oiriúnú a dhéanamh.

Meastar freisin go mbeidh tionchair dhearfacha indíreacha shóisialta agus chomhshaoil ag an tionscnamh, cé go mbeidh na tionchair sin fánach.